

Téama 5, Rang a cúig, Ceacht 1, Coinsias

Íosa agus an Fear Óg Saibhir (Matha 19:16-17, 20-22)

Tháinig an duine áirithe seo chuige agus dúirt leis: "A Mháistir, cad í an mhaith atá le déanamh agam chun go mbeadh an bheatha shíoraí agam?" Dúirt sé leis: "Cén fáth a bhfriafraíonn tú díomsa faoin maith? Aon neach amháin is maith. Ach más áil leat dul isteach sa bheatha, coinnigh na haitheanta.".....

Dúirt an fear óg leis: "Choimeád mé iad sin uile: cad é an t-easnamh atá fós orm?" "Más áil leat bheith foirfe," arsa Íosa leis, "imigh leat, díol amach a bhfuil agat agus tabhair do na boicht é agus beidh stór agat ar neamh: tar ansin agus lean mise."

Nuair a chuala an fear óg an chaint sin, bhí buaireamh air agus d'imigh sé leis, mar a bhí mórán de mhaoin an tsaoil aige.

1. Cad a d'fhiafraigh an fear óg d'Íosa?
2. Cén freagra a thug Íosa dó?
3. Cad a rinne an fear óg ansin?
4. Cad a cheapan tú a iarrtar orainn a dhéanamh le linn an coróinvíreas seo?

Tarraing íomhá, scríobh paidir nó do chuid smaointe